# Ógras: Oifigeach Riaracháin (https://www.activelink.ie/node/113817)

DON GHAEILGE • DON ÓIGE

# Oifigeach Riaracháin - Post lánaimseartha

## Dualgais:

- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil mar bhall den fhoireann
- Plé le córais clárúcháin agus airgeadais ar Wix
- Eolas cruinn, suas chun dáta faoin bhallraíocht a sholáthar do na ceannairí
- Tacú le Imeachtaí áitiúla & náisiúnta a eagrú
- Tacú le cúrsaí oiliúna do cheannairí a eagrú & a reáchtáil
- Plé le Grinn fhiosrúcháin
- Freastal ar chruinnithe foirne
- Plé le fiosrúcháin ón phobal
- Obair riarachán eile.

## Riachtanach:

- Ard-Chaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa
- Scileanna maithe ríomhaireachta
- Ard-scileanna cumarsáide & idirphearsanta
- Ábalta obair as a stuaim féin

**Lonnaithe:** Cian obair
**Maoinitheoir:** An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais,
**Lán-Pháirtíochta agus Óige**
**Tuarastal:** €29,694 - €35,209
**Post lán-aimseartha ar feadh trí bliana ( 6 mhí tréimhse profa)**
**Pinsean:** Íocfar 5% den tuarastal, sa bhreis ar an tuarastal mar sholáthar do phinsean an fhostaí ceaptha tar éis an tréimhse profa.
**Laethanta Saoire:** 21 lá pro rata.

### Seol iarratais chomh maith le C.V. chuig cathaoirleach@ogras.ie (mailto:cathaoirleach@ogras.ie) Roimh Déardaoin 27 Feabhra 2025

---

## Cúlra

Bunaíodh Ógras chun seirbhís óige a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Tugann Ógras cúnamh agus tacaíocht le clubanna óige a bhunú agus a bhuanú timpeall na tíre, chomh maith le traenáil a chur ar fáil i réimse leathan ábhar.

## Misean

- An Ghaeilge agus an cultúr agus oidhreacht Ghaelach a chur chun cinn i measc dhaoine óga trí spásanna agus deiseanna a thabhairt do dhaoine le bheith ar a suaimhneas agus an Ghaeilge á húsaid acu mar chuid de phobal na Gaeilge atá ag dul i méid.
- Timpeallachtaí sábhailte a chruthú ar bhealach atá spraíúil, nua-aoiseach agus comhaimseartha, a spreagann agus a chuireann ar chumas daoine óga taitneamh a bhaint as a bheith ag úsáid na Gaeilge.
- Clár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge a spreagann macnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta trí ghníomhaíochtaí spraíúla, spóirt agus fóillíochta.

## Príomhfheidhm an phost:

Beidh an Oifigeach Riaracháin fostaithe chun tacaíocht riaracháin a chur ar fáil mar chuid d'fhoireann Ógras le cinntiú go bhfuil córais éifeachtach agus éifeachtúla i bhfeidhm.

### Spriocanna

Beidh na spriocanna seo a leanas mar chuid den phost:

1. Ceannairí nua a chur faoi réamhscrúdú an Gharda Síochána
2. Tacú le himeachtaí áitiúil agus naisiúnta a eagrú;
3. Eolas faoi imeachtaí Ógras a roinnt ar na meáin shóisialta
4. Sonraí teagmhála na gclubanna a choinneáil suas chun dáta
5. Freastal ar chruinnithe foirne
6. Freastal ar chruinnithe thar cheann na heagraíochta
7. Bunachar sonraí ceannairí agus clubanna a uasdátú go rialta
8. Obair Ógras a chur chun cinn trí chruinnithe agus cur i láthair ag ócáidí agus imeachtaí éagsúla
9. Poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí Ógras
10. Tuairiscí agus taifead suas chun dáta a choinneáil ar an obair

## Sonraíocht Phearsanta

### Scileanna

- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa i nGaeilge agus i mBéarla - cur i láthair san áireamh;
- Scileanna maithe idirphearsanta
- Scileanna maithe ríomhaireachta
- Taithí ar plé leis na meáin shóisialta agus eolach ar bhealaí cruthaíoch le obair Ógras a fhógairt agus a chur chun cinn

### Pearsantacht

- Scileanna idirbheartaíochta;
- Scileanna comhréitigh;
- Bheith in inmhe glacadh le treoir agus comhairle a leanúint agus a chur i gcrích;
- Bheith féinspreagtha & ábalta obair as a stuaim féin

### Taithí

- Taithí ar a bheith ag obair le daoine óga
- Taithí ar bhunú ghrúpaí/coistí nó ar a bheith ag plé leo
- Taithí ar oideachas neamh-fhoirmeálta

## Cáilíochtaí

- Cáilíocht 3ú leibhéal in obair óige nó obair pobail nó i réimse gaolmhara nó a chomhionann taithí
- Cáilíocht sa Ghaeilge

## Eolas eile:

- Glacfar le hiarratais as Gaeilge amháin don ról seo.

- Beidh na hagallaimh don phost ar siúl thar Zoom
- Post maoinithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Lánpháirtíochta, Míchumais agus Óige.

Is fostóir comhionannas é Ógras agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.

**Region**
Cian obair

**Date Entered/Updated**
14th Feb, 2025

**Expiry Date**
27th Feb, 2025

---

**Source URL:** *https://www.activelink.ie/vacancies/children-youth/113817-ogras-oifigeach-riarachain*